

# Scéim Tacaíochta d'Ealaíontóirí Chomhairle Contae Fhine Gall

## Foirm Iarratais



# Foirm Iarratais le haghaidh Scéim Tacaíochta d'Ealaíontóirí Chomhairle Contae Fhine Gall

## Eolas faoin Scéim

Tugann an snáithe seo den mhaoiniú deis d'ealaíontóirí proifisiúnta leas a bhaint as duais ar fiú suas le €4,000 í. Is féidir úsáid a bhaint as duais le haghaidh taistil agus deiseanna forbartha proifisiúnta, cónaitheachta, nó chun obair a fhorbairt. Is é cuspóir na scéime ná tacú le healaíontóirí gairmiúla as Fhine Gall a gcleachtas ealaíne a fhorbairt.

Tá an gradam ar fáil d'ealaíontóirí cleachtacha ag gach céim a ngairme proifisiúnta a oibríonn i gceol, amharcealaín, drámaíocht, litríocht agus damhsa. Chun a bheith i dteideal iarratas a chur isteach, ní mór d'iarratasóirí na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh: rugadh iad i limistéar riaracháin Fhine Gall, rinne siad staidéar ann, nó tá cónaí orthu faoi láthair ann.

## Coinníollacha

Ní mór d'iarratasóirí coinníollacha na scéime, mar a leagtar amach thíos, a chomhlíonadh.

**Ná seol iarratais ach amháin mar chóip chrua. Cuir isteach 2 chóip den fhoirm iarratais le do thoil. Níor cheart máistirchóipeanna/bunábhair thacaíochta a chur isteach (féach coinníoll 10).**

**1** Caithfidh gur rugadh an t-iarratasóir i limistéar riaracháin Fhine Gall, go ndearna sé/sí staidéar ann nó go bhfuil cónaí air/uirthi ann faoi láthair.

**2** Lorgóidh Comhairle Contae Fhine Gall comhairle ó mheasúnóirí seachtracha.

**3** Má dhéantar stocaireacht ar bhaill tofa nó baill foirne Chomhairle Contae Fhine Gall, nó ar mheasúnóirí seachtracha ag an iarratasóir, nó thar ceann an iarratasóra, dícháileofar an t-iarratasóir.

**4** Má éiríonn leis an iarratasóir, ní mór dó/di tuarascáil a chur isteach maidir le húsáid a g(h)radaim in éineacht lena (h)éileamh agus fáiltais (seachas snáithe 3.3 Saothar a fhorbairt) d'fhonn an gradam a tharraingt anuas. Ní eiseofar maoiniú ach tar éis tuarascáil a chur isteach. Ní gheallfaidh Comhairle Contae Fhine Gall locaíocht mura gcuirtear an tuarascáil isteach.

**5** Ní mór ábhar a chuirtear isteach chun tacú le hiarratais ar ghradaim a bhailiú ón Oifig Ealaíon tráth nach déanaí ná mí amháin i ndiaidh fhógra chinneadh na Comhairle. Ní mór aon socrú eile a dhéanamh go díreach leis an Oifig Ealaíon. Ní bheid Comhairle Contae Fhine Gall freagrach as ábhar nach mbailítear i ndiaidh na tréimhse sin.

**6** Mar gheall ar leibhéal an éilimh ar thacaíocht ó Chomhairle Contae Fhine Gall, ní féidir maoiniú a thabhairt do gach iarratas incháilithe nó an méid maoinithe ar fad á iarrt a thabhairt d'iarratasóirí. Cuirtear gach sparánacht ealaíon ar fáil faoi réir airgead a bheith ar fáil.

**7** Ní mór go mbeidh na nithe seo a leanas in éineacht le gach iarratas, in aon disciplín: beathaisnéis reatha,

curriculum vitae (CV) nó a chomhionann, ina dtugtar sonraí maidir le gairm an iarratasóra go dtí seo.

**8** Ní mór lógó Chomhairle Contae Fhine Gall a úsáid ar gach ábhar bolscaireachta, agus ní mór tacaíocht na Comhairle a admháil i ngach agallamh. Tá lógó na Comhairle ar fáil ó [www.fingal.ie](http://www.fingal.ie).

**9** Ní mór don iarratasóir féin an fhoirm iarratais a líonadh isteach, agus ní mór gach cuid di a líonadh.

**10** Ní mór d'iarratasóirí ábhar breise tacaíochta a chur isteach, rud atá éigeantach, d'fhonn cur ar ár gcumas measúnú iomlán a dhéanamh ar an iarratas. *Féadfaidh aon cheann de na nithe seo a leanas a bheith san áireamh:*

— Íomhánna socra  
— CDanna/DVDanna.\* Níor cheart go mbeadh ábhar físe os cionn deich (10) nóiméad ar fad.  
\*Ní mór dó a bheith comhoiriúnach le PC.

— Catalóga, leabhair agus samplaí de shaothar scríofa le déanaí  
— CV reatha  
— Litreacha tacaíochta

**11** Tacaíocht uasta i.a. iarratais/iarratasóra  
€4,000.00

**12** Ní mór miondealú airgeadais iomlán a thabhairt.

**13** Ní chuirfear iarratais dhéanacha san áireamh.

**14** Ní mór tionscadail/tionscnaimh a chur ar siúl roimh dheireadh na bliana.



## ① Do shonraí teagmhála

**Ainm an Iarratasóra**

**Seoladh an Iarratasóra**

tabhair le fios:

Príobh.

Gnó nó Stiúideo

R-phost:

Teileafón:

*Cuir do cheangal le Fine Gall in iúl i gcomhréir le coinníoll 1. Lth. 2 – Féach seiclíosta*

## ② Do chineál ealaíne roghnaigh ceann amháin in aghaidh iarratais ✓

**Amharc-ealaín**

**Dráma**

**Ceol**

**Litríocht**

**Damhsa**

**Eile**

## ③ Cineál Iarratais ná roghnaigh ach ceann amháin in aghaidh iarratais ✓

### 3.1 Cónaitheacht

Tabhair cur síos ar an gcónaitheacht thíos agus luaigh cén áit agus cá huair a mbeidh sé ar siúl. Mínigh más rud é gur glacadh thú. Mínigh conas a rachaidh tacaíocht ó Chomhairle Contae Fhine Gall chun do leasa.

Eolas breise a thacaíonn le d'iarratas: (is féidir suas go dtí 2 leathanach A4 eile a cheangal)

### 3.2 Taisteal/ Forbairt Ghairmiúil

Cuir in iúl cén áit, cén fáth agus cá huair a mbeidh tú ag taisteal.

Más ag tabhairt faoi forbairt ghairmiúil atá tú, tabhair cur síos ar an gcórsa agus conas a rachaidh sé chun do leasa.

Eolas breise a thacaíonn le d'iarratas: (is féidir suas go dtí 2 leathanach A4 eile a cheangal)



Cineál iarratais ar lean

### 3.3 Sparánacht i dtreo saothar a fhorbairt

Luaigh le do thoil cad is mian leat a bhaint amach agus mínigh má tá tú ag ullmhú taispeántas, léirithe, srl. agus mínigh conas a rachaidh duais ó Chomhairle Contae Fhine Gall chun do leasa.

Eolas breise a thacaíonn le d'iarratas: (is féidir suas go dtí 2 leathanach A4 eile a cheangal)

## ④ Faisnéis Airgeadais

**Cad é costas iomlán an tionscadail** (gan an duais ó Chomhairle Contae Fhine Gall san áireamh)?

Cuir Miondealú Airgeadais mionsonraithe ar fáil le do thoil

Costas Tionscadail	Áiríocht	Comhluánú

**Cá mhéad ar mian leat go dtabharfaidh Comhairle Contae Fhine Gall duit?**

Is é an tacaíocht uasta in aghaidh iarratais / in aghaidh duine ná €4,000 in aghaidh na bliana



## ⑤ Do thogra a mhaoiniú

Cuir costáil mhionsonraithe le haghaidh do thogra ar fáil chun tacú le d'iarratas.  
Ní mór na colúin **Méid Á Lorg** agus **Méid Deimhnithe** a líonadh isteach.

Comhairle Contae Fhine Gall	Méid Á Lorg	
	Méid Á Lorg	Méid Deimhnithe
<b>Deontais</b> (seachas ó Chomhairle Contae Fhine Gall)		
<b>Urraíocht Phríobháideach</b>		
<b>Ranníocaíocht Phearsanta an Iarratasóra</b>		
<b>Sochar Comhchineáil</b>		

Mínigh agus cuir in iúl aon ábhar tacaíochta ó sholáthraithe deontais nó sochair chomhchineáil (m.sh. litreacha tacaíochta)

### AGUS

Má d'iarr tú ar mhaoiniú ó sholáthraithe eile (m.sh. An Chomhairle Ealaíon, Cultúr Éireann) agus níor éirigh leat, tabhair comhfhreagras le deimhniú gur iarr tú maoiniú ar na soláthraithe sin, m.sh ríomhphoist srl.



# Seicliosta d'Iarratas le haghaidh Scéim Tacaíochta d'Ealaíontóirí Chomhairle Contae Fhine Gall

## Do Sheicliosta

Déan cinnte le do thoil gur chomhlíon d'iarratas na critéir uile agus go bhfuil seicliosta na n-earraí a thacaíonn le d'aighneacht críochnaithe agus ceangailte le d'aighneacht CÓIPE CRUA. *Tá téarmaí agus coinníollacha do gach iarratasóir ar chúl an leathanaigh.*

### Foirm Iarratais

Líonta ag an iarratasóir féin

Gach cuid den fhoirm líonta

Cóip chrua amháin

### Earraí Breise

Curriculum Vitae Reatha

### Ábhar Tacaíochta / Doiciméadúchán Forlíontach

Ábhar Tacaíochta *Féach coinníoll 10*

Doiciméadúchán Forlíontach *Faoi rogha an iarratasóra*

### Ceangal le Fine Gall *Féach coinníoll 1*

Rugadh i bhFine Gall

Má rugadh, cén áit

Staidéar déanta i bhFine Gall

Má ndearnadh, cén áit

Ag cónaí i bhFine Gall

Má tá, cén áit

Seol an t-iarratas comhlánaithe chuig

Oifig Ealaíon

Comhairle Contae Fhine Gall

Halla an Chontae

Sord

Co. Bhaile Átha Cliath

Má tá aon cheist agat seol ríomhphost chuig [susan.mooney@fingal.ie](mailto:susan.mooney@fingal.ie)



## Ceisteanna Coitianta maidir le Scéim Tacaíochta d'Ealaíontóirí Chomhairle Contae Fhine Gall

Cad é an tacaíocht mhaoinithe uasta in aghaidh iarratais/duine?

Is ionann na méideanna a iarrtar agus suas go dtí €4,000. Is féidir le hiarratasóirí cur isteach ar mhéid níos lú, m. sh. €300.

An bhfuil i dteideal iarratas a chur isteach?

Le bheith i dteideal iarratas a chur isteach, caithfidh gur rugadh an t-iarratasóir i limistéar riaracháin Fhine Gall, go ndearna sé/sí staidéar ann nó go bhfuil cónaí air/ uirthi ann faoi láthair. Ní mór d'iarratasóirí a gceangal le Fine Gall a chur in iúl ar a n-iarratas.

An féidir liom iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú thar lear má rugadh mé i bhFine Gall/más as Fine Gall ó dhúchas mé agus tá cónaí orm thar lear anois?

Is féidir.

Chaill mé an spriocdháta le hiarratas a dhéanamh, an féidir liom m'iarratas comhlánaithe a sheoladh?

Ní ghlacfar le hiarratas déanach ná eolas breise déanach i ndiaidh an dáta a luaitear le haghaidh iarratais a fháil.

An féidir liom m'iarratas a sheoladh chugat ar ríomhphost?

Caithfidh iarratais a chur isteach i gcóip chrua amháin.

An féidir maoiniú a úsáid le trealamh a cheannach, cosúil le ríomhaire glúine, ceamara nó printéir?

Ní féidir maoiniú a úsáid chun trealamh a cheannach.

An féidir maoiniú a úsáid le haghaidh costais chíos stiúideonna?

Is féidir, faoi Mhír 3.3. Sparánacht i dtreo Saothar a Fhorbairt.

An féidir maoiniú a úsáid le haghaidh cúrsaí oideachais?

Is féidir maoiniú a úsáid i dtreo cúrsa, ceardlann nó cúrsa ardoideachais a íoc.

An bhfuil tréimhse ama áirithe i gceist le mo thionscadal/tionscnamh/cónaitheacht/staidéar a chur ar siúl?

Ní mór tionscadail/tionscnaimh a chur ar siúl roimh dheireadh na bliana ina bhfógraítear an scéim.

Cad a tharlóidh má rinne mé iarratas ar chúrsa agus níl a fhios agam roimh chur isteach an iarratais cibé acu an nglacfar liom nó nach nglacfar?

Cuirtear maoiniú le haghaidh cúrsa/ceardlainne/cúrsa ardoideachais ar an gcoinníoll go dtabharfar áit agus go gclárófar ar an gcúrsa sin nó cúrsa den chineál céanna. Mura nglactar leat ar chúrsa/ceardlann/cúrsa ardoideachais tar éis duit iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú ina leith, ní bheidh tú i dteideal maoiniú a fháil níos mó. Ní mór d'iarratasóirí Oifig Ealaíon Fhine Gall a chur ar an eolas má ghlactar leo don chúrsa a ndearna siad iarratas air, murab eol dóibh tráth an iarratais.

Cad a tharlóidh má tá athrú le déanamh ar m'iarratas?

Má bhronntar sparánacht ort agus má thagann athrú ar chuid shuntasach de d'iarratas, ní mór Comhairle Contae Fhine Gall a chur ar an eolas leis an athrú a chomhaontú.

Conas a dhéanfar measúnú ar m'iarratas?

Déanfar iarratasóirí a mheas de réir na gcritéar seo a leanas:

Caighdeán ealaíonta an togra

Dea-theist an iarratasóra

Indéantacht an togra

Ábhar tacaíochta a chuirtear isteach

Cathain a gheobhaidh mé scéala faoi m'iarratas?

Cuirfead iarratasóirí ar an eolas maidir le cinntí an mheasúnóra taobh istigh de 10 seachtaine i ndiaidh spriocdháta an iarratais.

Má éiríonn le m'iarratas an bhfaighidh mé maoiniú?

Eiseofar maoiniú nuair a fhaightear tuarascáil faoi do thionscadal taobh istigh de shé seachtaine tar éis don imeacht/tionscadal/cónaitheacht a chur ar siúl.

Ba cheart go n-áireofaí le tuarascálacha a chuirtear

isteach faoi na catagóirí Cónaitheachta agus Taistil

fáltais, m. sh. ticéid eitilte, iompar, músaeim/taispeántais, cothabháil agus ábhair oibre.

Ba cheart d'ealaíontóirí cuiri/póstaeir/bileoigíní nó aon

ábhar clóite eile a chur isteach lena dtuarascáil chun aird

a tharraingt ar cá háit ar tugadh aitheantas do

Chomhairle Contae Fhine Gall as a tacaíocht.

